☸An Lúibín☸

21 Lúnasa 2016

Cá mhéad?

Luath nó mall beidh a fhios againn cá mheád Gaeilgeoir a bhí ag labhairt Gaeilge sa bhaile i 2016, a bhuíochas sin ar an daonáireamh is déanaí. I 2011 dúirt 1,895 duine go raibh ag úsáid na Gaeilge mar theanga theaghlaigh, go háirithe in Sydney agus in Melbourne. Bheadh Gaeilgeoirí ann (in éineacht le cainteoirí teangacha eile) nach mbaineann feidhm as an teanga sa bhaile, agus is deacair a dhéanamh amach cén bunús fírinne atá leis na figiúirí teaghlaigh féin. B'fhéidir nach mbeadh i gceist ach an cúpla focal nó comhairle in aice le toil an duine.

Anseo in Melbourne tá scata maith foghlaimeoirí i mbunrang Chumann Gaeilge na hAstráile. B'fhéidir go n-éireodh le cúpla duine acu líofacht éigin a bhaint amach i ndeireadh na dála. Tá Gaeilge agus Breatnais ar fáil mar ábhar céime in Ollscoil Sydney, ach (aisteach le rá) níl a leithéid le fáil i Scoil an Léinn Éireannaigh in Ollscoil Melbourne, cé gur sa chathair sin a gheofá cuid de na hacmhainní Gaeilge is fearr san Astráil. Tá scoláirí den scoth ann, tá cnuasach iontach de leabhair Ghaeilge ag Coláiste Newman, agus as Melbourne, ar ndóigh, a thagann *An Lúibín*!

Tar éis an tsaoil, tá méadú beag ag teacht ar líon na nGaeilgeoirí anseo, cuid acu ag labhairt na teanga agus cuid á léamh. B'fhéidir go dtabharfadh duine nó dhó eile díobh faoi chlann a thógáil le roinnt Gaeilge amach anseo. Nach fearr é ná a easpa.

♦❖♦❖❖♦❖♦

An scéal céanna

B'fhéidir go bhfuil áibhéil éigin ag gabháil leis an méid a leanas:

> *Irish is far from dead, sure, but varying levels of fluency and the emergence of an urban "pidgin" Irish (savvy, modern vocabulary, zilch grammar) and an official "State Broadcaster" Irish (all grammar, accent, and antediluvian terminology) means that Irish speakers often cannot even communicate with each orther when boundaries get crossed.*

Ultan Ó Broin, teicneoir teanga agus iriseoir, a scríobh na focail sin.[1] Ní tuairim gan bhunús éigin í. Déanann Ó Broin tagairt d'alt a scríobh Brian Ó Broin, acadóir Gael-Mheiriceánach, tamall de bhlianta ó shin. Dúirt sé siúd, tar éis staidéar a dhéanamh ar an gceist, nach bhfuil an Ghaeilge uirbeach á 'Béarlú' ar fad ach go bhfuil éagsúlacht ag baint léi mar sin féin, go háirithe i gcúrsaí gramadaí. D'fhéadfaí 'pidsin' a thabhairt uirthi – teanga sách luaineach a bhfuil an fuaimniú agus an ghramadach simplithe aici agus nach bhfuil cainteoirí dúchais aici. B'fhéidir go mbeadh cainteoirí dúchais aici i gceann glúine nó dhó. Más mar sin é, b'fheidir 'criól' a thabhairt uirthi agus airíonna teanga cirte aice, ar nós gramadach bhuan.[2]

As scoileanna lán-Bhéarla agus as scoileanna lán-Ghaeilge araon do na cainteoirí úd, cé gur dócha gur as na scoileanna deireanacha úd is mó a fháisctear iad. Glactar leis, ar ndóigh, nach bhfuil an teanga ar a dtoil ag an gcuid is mó de na daltaí as scoileanna lán-Bhéarla, fiú i ndeireadh a gcuid oideachais. Ní mór dóibh abairtí agus ábhar a chur de ghlanmheabhair roimh na scrúduithe, rud a léiríonn an easpa líofachta atá orthu.

[1] https://multilingual.com/language-industry-news-and-events/running-irish-language-activity/

[2] http://www.irishtimes.com/life-and-style/people/schism-fears-for-gaeilgeoir%C3%AD-1.1269494

An té ar dóigh leis go bhfuil soláthar maith múinteoirí Gaeilge ann, ba chóir dó súil a chaitheamh ar alt in *Tuairisc.ie* dar teideal ''Marcanna Gaeilge na hArdteiste ag ardú ach an caighdeán ag ísliú' – Ní Mhóráin'.[3] Muireann Ní Mhóráin, Príomhfheidhmeannach na Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, atá i gceist: bean a bhfuil fios a gnó aici. Is é an scrúdú cainte (ar fiú 40% den scrúdú ar fad é) is ciontaí leis an bhfeabhas atá tagtha ar ghrádanna na Gaeilge le roinnt blianta anuas. Dúirt Ní Mhóráin go bhfuil na marcanna ag ardú ach go bhfuil an caighdeán ag ísliú. Baineann an scrúdú cainte leis an siollabas nua agus gealladh i 2012 go ndéanfaí taighde ar thoradh na n-athruithe. Níl toradh an taighde sin foilsithe fós. Deir múinteoirí nua-cháilithe go bhfuil titim thubaisteach ar chaighdeán na Gaeilge sna coláistí oiliúna. (Deir Uachtarán Chonradh na Gaeilge, bail ó Dhia air, go gcuirfeadh torthaí Gaeilge na hArdteiste misneach ort.)

Síleann formhór na bpríomhoidí bunscoile nach léir céard is aidhm do theagasc na Gaeilge agus gur cóir an curaclam a leasú ó bhonn.[4] Moltar go gcuirfí an bhéim ar an gcomhrá sa bhunscoil agus é sin a dhéanamh gan mheastachán gan eisceachtaí. Más maith an chomhairle í, ní fios (mar a dúradh cheana) cá bhfaighfí na múinteoirí líofa chuige. Is minic a deirtear gur fearr cothú na teanga a fhágaíl faoi na scoileanna lán-Ghaeilge. Mar sin a bheidh an scéal i ndáiríre mura ndéanfar tréaniarracht ar an leasú ó bhonn úd a chur i bhfeidhm ar gach gné den ábhar.

♦❖♦❖♦❖♦

Raidió na dTreabh

Deirtear gurb í Gaillimh an chathair is gaelaí in Éirinn, an chathair ar dóichí a chloisfidh tú Gaeilge á labhairt. Is ceart, mar sin, go mbeadh Raidió na dTreabh ann, stáisiún pobail a bhfuil a lán láithreoirí óga aige. Caint, ceoil, cúrsaí reatha agus cíoradh na leabhar. Tá siad ag iarraidh airgid chun stiúideo dá gcuid féin a fháil, ós ar iasacht atá an ceann atá acu faoi láthair.

Tá podchraoltaí agus eile le fáil ar an suíomh seo: **http://rnadtreabh.wix.com/raidionadtreabh.**

♦❖♦❖♦❖♦

Teicneolaíocht agus an Ghaeilge

Deirtear gur mór an buntáiste don Ghaeilge an obair atá á dhéanamh in Éirinn ar theicneolaíocht teanga agus an taithí atá ag Éireannaigh ar aistriú teangacha.

De ghnáth baintear úsáid as modhanna staitistiúla agus abairt amháin á cur i gcomórtas leis na mílte abairtí eile chun aistriúchán uathoibritheach a dhéanamh. Is féidir fónamh a bhaint as sin agus neart samplaí ar fáil, ach mura bhfuil na samplaí sin chomh fairsing le sprémhóin is fearr an modh struchtúrtha a úsáid. Ní foláir anailís a dhéanamh ar shaintréithe domhaine teanga agus feidhmchláir a chur ar fáil ar féidir úsáid a bhaint astu ina lán teangacha Eorpacha. D'fhéadfádh Éire a bheith chun tosaigh sa ghnó seo. Ar an dea-uair, tá an tAE ag maoiniú taighde den sórt seo, agus tagann seachthairbhí as.

Tá Dr Theresa Lynn orthu siúd atá i mbun na hoibre seo agus ar léirshamhlacha parsála déanta aici. Cuidíonn siad le uirlisí teanga ar nós meaisínchórais aistriúcháin nó bogearraí foghlama teanga dul amach ar struchtúr na Gaeilge. Nuair a bhí Lynn ag obair ar mheaisínaistriú ó Fhilipínis go Béarla san Astráil rith sé léi go bhféadfadh sí meaisínaistriúcháin Ghaeilge a fheabhsú. Rinne sí anailís ar úsáid na Gaeilge sna meáin shóisialta, modh cumarsáide a bhfuil meascán de Ghaeilge agus de Bhéarla inti, in éineacht le litriú nua.

Fágann obair den leithéid seo a rian ar uirlisí coitianta. Ligeann an *Galaxy Note 7* de chuid Samsung duit suímh idirlín a aistriú ó Ghaeilge go teanga eile nó ó theanga eile go Gaeilge axh an stíleas nua a úsáid. I 2008 bhí Samsung ar an gcéad chomhlacht a chuir guthán ar fáil a raibh comhéadan Gaeilge air.

Tamall ó shin chuir DCU, TCD, NUIG agus Ollscoil Saint Louis páipéar bán amach dar teideal 'The Irish Language in the Digital Age' agus é maíte ann go bhféadfaí a lán postanna a sholáthar i réimse na teicneolaíochta

[3] http://tuairisc.ie/marcanna-gaeilge-na-hardteiste-ag-ardu-ach-an-caighdean-ag-isliu-ni-mhorain/

[4] http://www.irishtimes.com/opinion/opinion-how-to-rescue-the-irish-language-1.2515093

teanga agus na logánaithe.[5] Ach tá deacrachtaí ann. Níl caighdeán amháin foghraíochta ann, agus tá acmhainní teangeolaíochta gann (foclóirí fuaimnithe, mar shampla). Margadh teoranta atá ann, agus níl taighdeoirí go leor ann a bhfuil Gaeilge mhaith acu agus scileanna innealtóireachta agus ríomhaireachta.

Mar sin féin, tá deiseanna ann do theangacha mionphobail. Is féidir le teicneolaíochtaí teanga Gaeilgeoirí an domhain a thabhairt le chéile. Is maith an rud iad agus tú ag foghlaim teanga, agus is mór an cúnamh iad do dhaoine atá dall nó balbh. Ina theannta sin, cuireann teicneolaíocht teanga le stádas na Gaeilge i measc glúine atá tugtha do ghnóthaí digiteacha.

Tá tionscal mór teangeolaíochta teanga cheana in Éirinn: dúirt an páipéar bán go bhfuil 166 comhlacht aistriúcháin agus ateangaireachta in Éirinn, rud a tharraing €686 milliún isteach i 2011.

Le léamh

http://tuairisc.ie/uirlis-aistriuchain-ghaeilge-ar-an-samsung-galaxy-note-nua/
http://www.meta-net.eu/whitepapers/volumes/irish-executive-summary-en
http://www.computing.dcu.ie/news/language-technology-can-save-irish-language-digital-extinction-says-cngl-supported-study

♦❖♦❖❖♦❖♦

Cultúr

Ficsean eolaíochta



Wikimedia Commons

Treoir don am atá le teacht is ea an ficsean eolaíochta – nó sin mar a deirtear. Ach ní mar a shíltear bítear. Tá léargas le fáil ar an scéal ar YouTube sna scannáin ghearra faoi eachtraí spáis. I Meiriceá a dhéantar a bhformhór (a bhuíochas sin ar na coláistí a mhúineann imeartas digiteach) agus ardchaighdeán teicniúil acu go minic. Daoine ag dul sa seans i ndomhan iarthubaiste nó i spásárthaí, róbait mar thánaistí acu, eachtráin ag bualadh isteach ó am go ham agus dealramh anchruthach leathdhaonna orthu. Gnáthchomharthaí sóirt an tseánra, mar sin.

Cén locht a bheadh agat air sin? Locht ar bith, b'fhéidir, ach plota greanta a bheith ann. Ach is éard atá le haithint ar na scannáin seo go bhfuil sé fíordheacair againn ré a shamhlú nach mbeimid féin i lár an aonaigh ann.

Tá an cion sin atá againn orainn féin bunoscionn lena bhfuil d'eolas againn ar dhul chun cinn na hintleachta saorga agus na róbataice. Má dhéantar gníomhartha fónta sa spás feasta, ní daoine a dhéanfaidh iad. Téann taisteal spáis go dona do chorp an duine agus is é an domhan seo an t-son áit amháin a bhfuilimid oiriúnach di. Tig le róbait chliste oibriú leo gan staonadh i dtimpeallacht ar bith, iad féin a stiúradh, iad féin a dheisiú, fiú a leithéidí eile a dhéanamh, agus iad féin a chur in iúl agus in aithne dá chéile. I ndeireadh na dála, is féidir leo teacht gan daoine. Ní bheidh gá ag spásárthaí le píolótaí daonna agus a n-aghaidh ar an iargúil; beidh na hárthaí céanna ábalta a mbealach a dhéanamh gan chabhair gan chomhairle.

[5] Logánú: earra nó ábhar a chur in oiriúint d'áit áirithe.

Ach ní hé sin a fheictear ar an scáileán, is cuma más scannán gáifeach de chuid Hollywood é nó scannán gearr neamhspleách. Tá a fhios ag lucht déanta scannán gur le pearsana daonna is éasca a shamhlaímid sinn féin. Daoine amháin atá in ann dul i mbearna an bhaoil agus an lucht féachana a thabhairt leo. Ní thugaimid grá do na róbait linn mura bhfuil tréithe fíordhaonna acu.

I ndáiríre, tugann ficsean eolaíochta dá leithéid léargas ar an saol atá anois ann seachas ar an saol atá le teacht. As ár saol féin a thagann na heachtráin: ionainn féin a ghintear iad agus linne a shiúil siad riamh.

Mar sin féin, is féidir le scannáin den saghas sin dul i bhfeidhm ort. Tá imeartas iontach digiteach sa chuid is fearr díobh agus é déanta ar bheagán airgid le gnáthríomhaire agus le pacáistí saora bogearraí. Fir is mó a dhéanann na scannáin seo, ar ndóigh, agus fir (is dócha) is mó a fhéachann orthu, cé gur minic mná le feiceáil ina gcarachtair. Cogadh, scrios, an duine aonair i gcruachás, agus rudaí meicniúla. Mo ghraidhin sibh, a bhuachaillí.

Samplaí de na gearrscannáin úd:

> ***Mis-Drop*: https://www.youtube.com/watch?v=6yLPpBtGnGo.** Saighdiúirí spáis.
>
> ***Star Child*: https://www.youtube.com/watch?v=yxrd4PqOfkE**. Gearrchaile dall ar fán ar phláinéad eile.
>
> ***The Last Man*: https://www.youtube.com/watch?v=HpHSzFZaoo8**. Fear (agus bean) i saol anachaine.
>
> ***State Zero*: https://www.youtube.com/watch?v=QgPMyvZMBY0**. Scrios agus cogadh i Stockholm san am atá le teacht.
>
> ***From the Future with Love*: https://www.youtube.com/watch?v=z24rqrxlNPY**. Póilíní i saol diostóipeach.

Agus dhá scannán ghearra ghreannmhara faoi róbait chliste.

> ***Autonomous*: https://www.youtube.com/watch?v=sH83VYSumZM.**
>
> ***Wire Cutters*: https://www.youtube.com/watch?v=Z-d-qHH9IPo.**

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun *rianach@optusnet.com.au*.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au **.**

Leaganacha simplithe

An scéal céanna

Deir na tráchtairí go bhfuil dhá chineál Gaeilge ann anois – Gaeilge choimeádach oifigiúil agus Gaeilge shimplithe chathrach. Deir Brian Ó Broin, acadóir agus teangeolaí, nach bhfuil an Ghaeilge 'nua' millte ar fad ag an mBéarla, ach go bhfuil gramadach níos simplí aici.Deir sé gur féidir 'pidsin' a thabhairt uirthi – canúint shimplithe nach bhfuil cainteoirí dúchais aici. Má bhíonn cainteoirí dúchais aici i gceann glúine is féidir 'criól'[6] a thabhairt uirthi. Is teanga cheart é críol.

Is dócha gur as scoileanna lán-Ghaeilge a thagann an chuid is mó de na cainteoirí nua. Níl na scoileanna lán-Bhéarla ag múineadh na teanga go maith. Tá marcanna arda ag baint leis an scrúdú cainte ach tá caighdeán na cainte íseal. Tá caighdeán na Gaeilge sna coláistí oiliúna[7] an-íseal anois.

Deir an chuid is mó de na príomhoidí bunscoile gur ceart an curaclam Gaeilge a leasú ó bhonn.[8] Ba cheart béim a chur ar an gcomhrá sa bhunscoil. Ach ba dheacair múinteoirí a fháil.

Ficsean eolaíochta

Deir daoine go dtaispeánann an ficsean eolaíocht dúinn céard a tharlóidh san am atá le teacht. Tá a lán scannán gearr ar YouTube faoi eachtraí spáis. Feiceann tú daoine ag dul sa seans i ndomhan millte nó i soithí spáis, róbait chliste,[9] eachtráin.[10] Is léir ó na scannáin seo, áfach, go gcaithfimid sinn féin a chur i lár an aonaigh.[11] Ní maith linn na róbait féin mura bhfuil tréithe daonna acu.

Ach níl daoine oiriúnach don spás. Déanann taisteal spáis dochar dár gcorp. Tá feabhas mór tagtha cheana ag an intleacht shaorga[12] agus ar an róbataic,[13] agus tá róbait chliste in ann oibriú in áit ar bith agus iad féin a stiúradh. Beidh spásárthaí[14] ábalta a mbealach a dhéanamh gan daoine. Ach ní hé sin a fheictear sna scannáin.

Tugann an ficsean eolaíochta léargas ar an saol atá anois ann seachas ar an saol atá le teacht. As ár saol féin a thagann na heachtráin.

Mar sin féin, is féidir le scannáin den saghas sin dul i bhfeidhm ort. Tá an chuid is fearr acu déanta go han-mhaith. Fir is mó a dhéanann na scannáin seo, ar ndóigh, agus fir (is dócha) is mó a fhéachann orthu.

[6] Criól - creole
[7] Coláistí oiliúna – teacher training colleges
[8] Leasú ó bhonn – reform radically ('from the bottom')
[9] Róbair chliste – intelligent robots
[10] Eachtráin - aliens
[11] I lár an aonaigh – in the centre of events
[12] Intleacht shaorga – artificial intelligence
[13]
[14] Spásárthaí - spacecraft